**RÚN (AE) 2023/1966 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 10 Bealtaine 2023**

**ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ChomhghnóthaTaighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair (Comhghnóthas SESAR roimh an 30 Samhain 2021) don bhliain airgeadais 2021**

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0118/2023),

A. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR) i mí Feabhra 2007 faoin Seachtú Clár Réime um Thaighde (FP7) ar feadh tréimhse ocht mbliana (SESAR 1). de bhrí go ndearnadh an Chomhairle leasú ar an rialachán bunaidh i mí an Mheithimh 2014agus gur chuir sí síneadh le saolré an Chomhghnóthais faoi chlár Fís 2020 go dtí an 31 Nollaig 2024 (SESAR).

B. de bhrí gur ghlac an Chomhairle an Bunghníomh Aonair i mí na Samhna 2021, lena gcuirtear SESAR 3 ar bun le teacht in ionad SESAR, faoin gclár Fís Eorpach go ceann tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031 ([1]);

C. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-príobháideach é Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair chun bainistíocht aerthráchta nuachóirithe a fhorbairt san Eoraip; de bhrí gurb iad a chomhaltaí bunaidh ná an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann; an Eagraíocht Eorpach um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta (Eurocontrol) agus breis agus 50 eagraíocht a chuimsíonn slabhra luacha na heitlíochta ar fad, ó aerfoirt, úsáideoirí aerspáis de gach catagóir, soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, oibreoirí drón agus soláthraithe seirbhíse.

D. de bhrí gur suas le EUR 600 milliún a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais le Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpach Aonair, lena n-áirítear leithreasaí LEE, chun costais riaracháin agus costais oibríochtúla a chumhdach, lena n-áirítear suas le EUR 30 milliún do chostais riaracháin; de bhrí go ndéanfaidh comhaltaí príobháideacha Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair nó go ndéanfaidh siad comhshocrú do dhéanamh a comheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe ranníocaíocht iomlán EUR 500 milliún ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 25 milliún le haghaidh costais riaracháin, thar an tréimhse deich mbliana;

E. de bhrí go bhfuil Eurocontrol le ranníocaíocht iomlán suas le EUR 500 milliún a dhéanamh, lena n-áirítear suas le EUR 25 milliún le haghaidh costais riaracháin, thar an tréimhse deich mbliana; de bhrí gurb éard a bheidh sa ranníocaíocht freisin ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí breise;

F. de bhrí nach mór d'institiúidí uile an Aontais an Rialáil Airgeadais agus ardchaighdeáin bhainistíochta a urramú;

G. de bhrí go bhfuil sé ar cheann de spriocanna is tábhachtaí an Chomhghnóthais tacú le haistriú tapa chuig eitlíocht níos glaise, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

**Ginearálta**

1. á chur i bhfios go ndéanann Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, mar Chomhghnóthas tríthaobhach, sa bhreis ar bhuiséad an Aontais agus ranníocaíochtaí ó chomhaltaí príobháideacha, ranníocaíochtaí ó EUROCONTROL de thart ar EUR 500 milliún le haghaidh ghníomhaíochtaí an chláir Fís Eorpach a chur chun feidhme agus, ós rud é nár bhreithnigh an Coimisiún ranníocaíochtaí EUROCONTROL ina shamhail táirgiúlachta, nach féidir an cóimheas táirgiúlachta níos ísle don Chomhghnóthas a chur i gcomparáid go díreach le cóimheas na gComhghnóthas eile;

([1]) Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

2. á chur in iúl gur oth léi gur thuairiscigh formhór na gComhghnóthas (ar aon dul le cinn eile), i ndiaidh na bpróiseas don bhuiséad inmheánach agus don phleanáil acmhainní, nach raibh an bhainistíocht san áireamh sa phróiseas caibidlíochta idir an mháthair-ardstiúrthóireacht agus AS BUDG; á chur in iúl gur oth léi, thairis sin, nach raibh siad curtha ar an eolas go leordhóthanach, de réir an Chomhghnóthais, faoin tsamhail táirgiúlachta a bhí in úsáid ag an gCoimisiún chun na hacmhainní daonna a chinneadh le haghaidh cur chun feidhme a gcuid clár faoin CAI nua agus nach raibh siad curtha ar an eolas go leordhóthanach faoin mbonn chun uasteorainn a chur leis an líon foirne, in ainneoin go raibh an buiséad a bhí le cur chun feidhme méadaithe;

3. ag moladh an aistrithe rianúil chuig eintiteas dlíthiúil nua Chomhghnóthas SESAR 3 agus ag tabhairt dá haire gur fhorbair an Comhghnóthas roinnt sásraí trasnacha comhordúcháin, lenar ceadaíodh comhar trédhearcach agus struchtúrtha agus lenar braitheadh ar shaineolas aonair gach comhalta den eagraíocht, go háirithe, bunaíodh Grúpa Comhordaithe Aistrithe i mí Feabhra 2021;

4. á aithint go mbeartaítear le Fís Eorpach spriocanna uaillmhianacha don Chomhghnóthas, spriocanna nach féidir a bhaint amach ach amháin má dhéantar réitigh éifeachtacha a dhearadh agus a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar na laigí i gcórais rialaithe inmheánaigh agus lena n-ullmhaítear do na dúshláin a bheidh ann amach anseo a eascróidh as freagrachtaí méadaithe, e.g. i réimse na bainistíochta agus na pleanála acmhainní daonna; á chur i bhfios, sa chomhthéacs sin, gur riosca suntasach earráide atá i ríomhanna agus ceanglais tuairiscithe atá an-chasta agus a bhfuil ualach mór ag baint leo agus á iarraidh, dá bhrí sin, chun féachaint ar na féidearthachtaí atá ann simpliú a dhéanamh nuair is féidir agus ar bhealach atá comhoiriúnach leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana;

5. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an Comhghnóthas maidir leis an Aerspás Digiteach Eorpach a thabhairt chun críche; ag tabhairt chun suntais go bhfuil tograí 2021-2027 le haghaidh Chomhpháirtíochtaí Eorpacha SESAR agus SCE ríthábhachtach do thodhchaí na heitlíochta digitithe agus na heitlíochta éiceolaíche agus gur gá maoiniú iomchuí a chur ar fáil dóibh;

6. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá Aerspás Eorpach Aonair 2+ agus á iarraidh go ndéanfar é a ghlacadh agus a chur chun feidhme go tráthúil; á chur i bhfáth go rannchuideoidh úsáid na gcóras satailítí le haghaidh loingseoireachta, cumarsáide agus rianaithe, agus imlonnú iomlán Taighde um Bainistíocht Aerthráchta an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SESAR) le hAerspás Digiteach Eorpach Aonair a thabhairt chun críche;

7. á mheabhrú ról straitéiseach an Chomhghnóthais maidir le dícharbónú na hearnála eitlíochta, agus go leor dá gcuid tionscadal dírithe ar leas a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach chun tacú leis an aistriú i dtreo earnáil eitlíochta níos glaise;

8. á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí foriomlána T&N a dhéanfaidh Comhghnóthas SESAR 3 ó 2021 go 2031, dá ngairtear clár an Aerspáis Dhigitigh Eorpaigh, arna n-eagrú mar chuid de Phíblíne Nuálaíochta SESAR; ag moladh freisin tosaíochtaí eile a leagtar síos do Chomhghnóthas SESAR 3 amhail: sineirgí le comhpháirtíochtaí Eorpacha eile agus le cláir náisiúnta nó réigiúnacha nuachóirithe BAT a ghiaráil; rannpháirtíocht geallsealbhóirí institiúideacha agus tionscail a áirithiú; comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chinntiú; gníomhaíochtaí agus torthaí Chomhghnóthas SESAR 3 a chur chun cinn trí thionscnaimh chumarsáide;

9. ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon sainmhíniú comhchuibhithe ar 'chostais riaracháin' i measc na gComhghnóthas, ar téarma é chun ranníocaíochtaí airgeadais a chomhaltaí a ríomh agus ar réamhchoinníoll é chun críche figiúirí inchomparáide; á iarraidh, agus an méid sin á chur san áireamh, go nglacfaí treoirlínte comhchoiteanna le haghaidh gach Comhghnóthais ionas go mbeidh siad in ann cur chuige comhchuibhithe a ghlacadh maidir le haicmiú catagóirí áirithe caiteachais riaracháin, amhail caiteachas ar chomhairliúcháin, staidéir, anailís, meastóireachtaí, agus cúnamh teicniúil;

10. ag aontú le tuairim na Cúirte Iniúchóirí (an 'Chúirt'), ós rud é go bhfuil na Comhghnóthais uathrialaitheach agus freagrach as a gcláir oibre a chur chun feidhme, go bhféadfaí iad a áireamh ar bhealach níos fearr sa phróiseas pleanála d'acmhainní daonna do CAI 2021-2027;

**Bainistiú buiséadach agus airgeadais**

11. á chur in iúl gur geal léi go bhfionntar sa tuarascáil ón gCúirt maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais sna cuntais bhliantúla ó 2021 go ndéantar staid airgeadais an Chomhghnóthais an 31 Nollaig 2021 a chur i láthair go cothrom, i ngach cás ábhartha, agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch, i gcomhréir lena rialachán airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin, agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais dleathach agus rialta i ngach cás ábhartha;

12. ag tabairt dá haire gurbh ionann an buiséad iomlán a bhí ar fáil in 2021 (lena n-áirítear leithreasuithe ó bhlianta roimhe sin nár úsáideadh, ioncom santa agus leithdhailtí don chéad bhliain eile) agus EUR 34,8 milliún (EUR 163,2 milliún in 2020) i leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí agus EUR 69,9 milliún (EUR 179,2 milliún in 2020) i leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí;

13. ag tabhairt dá haire, maidir le leibhéal reatha oibleagáidí oibríochtúla chomhaltaí an Chomhghnóthais, ag deireadh 2021, go raibh EUR 555,8 milliún d'uasranníocaíocht an Aontais geallta go hiomlán ag an gComhghnóthas le haghaidh comhaontuithe deontais sínithe agus conarthaí sínithe faoi chlár Fís 2020, a bhfuil thart ar EUR 92,5 milliún (nó 16,6 %) de fós le híoc sna blianta amach romhainn ar thionscadail agus ar chonarthaí atá fós le cur i gcrích; á thabairt dá haire, thairis sin, gur thug na comhaltaí príobháideacha gealltanas dlíthiúil chun na ranníocaíochtaí comhchineáil iomlán de EUR 280 milliún a chur ar fáil, mar a shonraítear sa chomhaontú ballraíochta earnálach, agus gur thug Eurocontrol gealltanas chun ranníocaíochtaí EUR 433,4 milliún nó 91 % den sprioc EUR 475 milliún de na ranníocaíochtaí oibríochtúla atá sainithe sa chomhaontú déthaobhach, a chur ar fáil.

14. ag tabhairt chun suntais gurb é 93 % an ráta cur chun feidhme do bhuiséad íocaíochta an Chomhghnóthais do 2021 a bhí ar fáil do thionscadail Fís 2020 agus gur ar a bhí leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ar bith ar bhonn oibríochtúil ag an gComhghnóthas in 2021 toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích aige faoi dheireadh 2020.

15. ag aithint éifeachtaí leanúnacha ghéarchéim COVID-19 ar an earnáil; ag tabhairt dá haire gur chuir an Comhghnóthas roinnt beart chun feidhme, lena n-áirítear síneadh a chur le fad na ndeontas i gcás inar gá sin, chun ligean do thionscadail a ngníomhaíochtaí bailíochtaithe a thabhairt i gcrích agus torthaí teicniúla a chur ar fáil i gcomhréir le hamlínte an Mháistirphlean Eorpaigh um Bainistíocht Aerthráchta (BAT); á chur in iúl gur geal léi go raibh rath ar chomhaltaí an Chomhghnóthais agus ar a chomhpháirtithe maidir le teicneolaíochtaí agus nósanna imeachta nua a chur chun cinn trí phróiseas um scaoileadh píblíne nuálaíochta SESAR, i gcomhréir leis an amlíne arna leagan amach ag Máistirphlean BAT Eorpach – treochlár na hEorpa maidir le claochlú digiteach BAT;

16. ag tabhairt dá haire gurbh ionann an buiséad in 2021 agus easnamh EUR 17,55 milliún (as a raibh easnamh EUR 292 513 de le haghaidh SESAR 1 tar éis aisíocaíocht deiridh ranníocaíochtaí breise airgeadais SESAR 1 agus easnamh EUR 17,26 milliún do SESAR 2020) agus gurb ionann an barrachas carnach atá fágtha agus EUR 592 241;

**Feidhmíocht**

17. á chur in iúl gur geal léi gur chomhlíon an Comhghnóthas a phríomhchuspóirí beartais agus oibríochtúla go léir in 2021, mar a leagtar amach sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair do 2021 go 2023 (DSA 2021–2023);

18. á chur in iúl gur mór aici go bhfuil sraith beart buiséadach curtha i bhfeidhm ag an gComhghnóthas, i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19 agus a tionchar airgeadais ar Chomhaltaí an Chomhghnóthais, a bhfuil sé mar aidhm aici tacaíocht láithreach maidir le sreabhadh airgid a sholáthar do na Comhaltaí agus don earnáil eitlíochta;

19. ag moladh eagrú an chéad eagrán de Laethanta Nuálaíochta SESAR agus na tionscadail go léir atá tiomnaithe d'eolaithe óga;

20. á chur in iúl gur geal léi gur lean an Comhghnóthas de 71 thionscadal a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu ar fud a thrí shraith taighde in 2021 (taighde taiscéalaíoch, taighde tionsclaíoch agus bailíochtú, agus taispeántais an-mhór), le 300 tairbhí éagsúla ar FBManna beagnach 20 % díobh, ar eagraíochtaí ardoideachais nó ollscoileanna 17 % díobh agus ar eagraíochtaí taighde iad 9 % díobh agus ag moladh beart chun líon na FBManna i líon ginearálta na dtionscadal arna mbainistiú ag an gComhghnóthas a mhéadú;

**Soláthar agus foireann**

21. ag tabhairt dá haire gur chuir an Comhghnóthas teorainn lena líon uasta nósanna imeachta soláthair mar gheall ar an mbéim a chuir sé ar an bpróiseas aistrithe agus gur dhéileáil sé le deich nós imeachta soláthair, lena n-áirítear sé sholáthar ar luach an-íseal; á thabairt dá haire, ina theannta sin, gur shínigh an Comhghnóthas sé chreatchonradh seirbhíse idirinstitiúideacha, dhá chonradh seirbhíse dírí, ocht gconradh sonracha lena gcuirtear chun feidhme creatchonarthaí an Chomhghnóthais/comhaontaithe idirinstitiúideacha agus duais amháin;

22. ag tabhairt dá haire gur shínigh an Comhghnóthas nócha leasú ar a chonarthaí, ar a chonarthaí sonracha, ar a mheabhráin tuisceana agus ar a chomhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse, don chuid is mó mar thoradh ar an aistriú chuig SESAR 3;

23. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh na nósanna imeachta go léir i gcrích i gcomhréir le rialacha airgeadais Chomhghnóthas SESAR chun urraim do thrédhearcacht, iomaíocht chóir i measc soláthróirí agus an úsáid is éifeachtaí as cistí an Chomhghnóthais a áirithiú;

24. ag tabhairt chun suntais gur ghlac an Comhghnóthas ríomhthairiscint agus ríomhthíolacadh in 2021 agus gur lean Comhghnóthas SESAR d'úsáid a bhaint as uirlis phleanála chun na gníomhaíochtaí soláthair agus conartha go léir a thaifeadadh ar mhaithe le cur chun feidhme tráthúil gníomhaíochtaí soláthair a bhainistiú agus a áirithiú chun tacú lena chuspóirí; ag tabhairt dá aire, thairis sin, go ndéantar an comhad seo a nuashonrú ar bhonn seachtainiúil i gcomhar le gníomhairí tionscnaimh oibríochtúla agus leis an bhfoireann bainistíochta corparáideach;

25. ag tabhairt dá haire go gceadaíodh le plean bunathe foirne 2021 arna fhormheas ag an gComhghnóthas 38 ngníomhaire shealadacha nó ar conradh agus beirt shaineolaithe náisiúnta ar iasacht, mar atá leagtha amach i mbuiséad ginearálta bliantúil an Aontais Eorpaigh don Choimisiún Eorpach;

26. ag tabhairt dá haire ón Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2021, ó thaobh na cothromaíochta inscne de, nár baineadh amach aon mhéadú suntasach ar rannpháirtíocht na mban, ar chomhordaitheoirí tionscadal ar mná iad do thionscadail Fís 2020 ná ar chomhaltaí ar mná iad i ngrúpaí comhairleacha, grúpaí saineolaithe, painéil mheastóireachta, saineolaithe aonair, etc. i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin; ag tabhairt dá haire gur oth léi gur tháinig laghdú iarbhír ó 30 % go 29 % in 2021 ar sciar na mban a ghlac páirt i dtionscadail Fís 2020 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin; ag tabhairt dá haire gur oth léi, de réir Thuarascáil Bhliantúil an Chomhghnóthais do 2021, go bhfuil gá mór le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne ar an mBord Riaracháin (bean amháin, 27 bhfear); á chur in iúl gur cúis díomá di na figiúirí sin agus á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí méadaithe ó thaobh cothromaíocht inscne de;

27. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh meánráta bliantúil na foirne eatramhaí fós ard i ngach Comhghnóthas le linn na tréimhse ó 2018 go 2021, agus é ag thart ar 11 % den fhoireann reachtúil; á mheabhrú gur gnách méadú suntasach ar ráta athraithe foirne Chomhghnóthas a bheith mar thoradh ar ardleibhéal na foirne conarthaí agus go ndéanann sé an staid foirne a dhíchobhsú tuilleadh; ag cur béim ar an bhfíoras, thairis sin, gur cheart fós gur réiteach sealadach a bheadh san úsáid a bhaintear as foireann eatramhach ós rud é go bhféadfadh sé tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht an Chomhghnóthais ina hiomláine, amhail coimeád na bpríomhinniúlachtaí, bealaí neamhshoiléire cuntasachta, díospóidí féideartha breithiúnacha agus éifeachtúlacht foirne níos ísle;

28. ag tabhairt dá haire gur leanadh den obair, in 2021, ar roinnt tionscnamh in áitreabh Chomhghnóthas SESAR sa Bhruiséil chun táirgiúlacht, sábháilteacht agus éifeachtúlacht na timpeallachta oibre agus na n-áiseanna a chuirtear ar fáil dá fhoireann a chothabháil;

29. á chur i bhfios go raibh leithdháileadh éifeachtach acmhainní foirne fós ina thosaíocht do Chomhghnóthas SESAR le linn 2021 agus go raibh iarrachtaí dírithe ar fhorbairt ghairmiúil agus ghairme na foirne, chomh maith lena chinntiú gur baineadh úsáid as acmhainní foirne leithdháilte ar an mbealach is eacnamaí, is éifeachtúla agus is éifeachtaí;

30. ag tabhairt dá haire, go ndearna an Comhghnóthas a chleachtadh breithmheasa in 2021 i gcomhréir lena rialacha cur chun feidhme, agus go raibh sé in ann an cleachtadh athaicmiúcháin a dhéanamh, ar athaicmíodh ocht ngníomhaire shealadacha mar thoradh air;

31. ag tabhairt dá haire nach ndearna na Comhghnóthais cuid de ranníocaíochtaí na bhfostóirí d'fhoireann na gComhghnóthas a íoc le scéim pinsin an Aontais ó 2016 i leith, ar ranníocaíochtaí a chomhfhreagraíonn do chóimheas a n-ioncam fóirdheonaithe nach ioncam de chuid an Aontais iad agus a n-ioncam iomlán, ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséad na gComhghnóthas ná nár iarr sé na híocaíochtaí go foirmiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun fadhbanna comhchosúla a sheachaint amach anseo;

**Rialú inmheánach**

32. ag tabhairt dá haire, go bhfuil Comhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus um Fhorbairt Tuaithe an Choimisiúin freagrach as iniúchtaí *ex post* a dhéanamh ar íocaíochtaí Chlár Fís 2020, ag tabhairt dá haire, bunaithe ar na torthaí iniúchta *ex post* a bhí ar fáil ag deireadh 2021, gur thuairiscigh an Comhghnóthas ráta earráide ionadaíoch 0,7 % (3,46 % in 2020) agus ráta earráidí iarmharacha 0,6 % (1% in 2020) do thionscadail Chlár Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh); ag tabhairt dá haire, ón ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an gclár Fís 2020, gurb í an aidhm dheiridh i dtaca leis an leibhéal earráide iarmhara tráth a ndúnfar na cláir, tar éis tionchar airgeadais na n-iniúchtaí, na mbeart ceartúcháin agus na mbeart aisghabhála uile a bheith curtha san áireamh, go mbainfear amach leibhéal atá chomh gar agus is féidir do 2 %;

33. á aithint go bhféadfadh an laghdú ar na rátaí earráide in 2021 a bheith mar thoradh, i measc cúiseanna eile, ar eolas méadaithe na dtairbhithe ar na rialacha incháilitheachta agus an cuar foghlama dúchasach, mar aon le torthaí na bhfeachtas cumarsáide, na seimineáir ghréasáin agus na hoiliúna spriocdhírithe, ar tugadh aghaidh orthu go háirithe do núíosaigh agus do FBManna; á chur i bhfáth gur cheart na rátaí earráide a láimhseáil go cúramach, toisc go bhféadfaidís athrú faoi réir infhaighteacht sonraí breise ó thorthaí iniúchóireachta;

34. ag tabhairt dá haire, chun measúnú a dhéanamh ar rialuithe oibriúcháin íocaíochta an Chomhghnóthais, go ndearna an Chúirt iniúchadh ar íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2021 a shampláil go randamach, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh, chun na rátaí earráide iniúchta *ex post* a chomhthacú; ag tabhairt dá haire go bhfuair agus gur chainníochtaigh an Chúirt earráid i gcás amháin inar dhearbhaigh an tairbhí costais dhíreacha phearsanra ar cheart iad a bheith dearbhaithe mar chostais fochonraitheoireachta. á thabairt dá haire, áfach, ós rud é nach raibh foráil déanta sa chomhaontú deontais do chaiteachas den sórt sin don tairbhí, nach raibh na costais thabhaithe sin incháilithe.

35. ag cur béim ar an bhfíoras gur deimhníodh earráidí sistéamacha leanúnacha i gcinneadh na Cúirte maidir le costais phearsanra dhearbhaithe agus, go háirithe, go bhfuil FBManna agus tairbhithe nua i mbaol níos mó earráidí ná tairbhithe eile; ag tabhairt chun suntais go dtuairiscítear na hearráidí sin go rialta sna tuarascálacha bliantúla roimhe sin ón gCúirt ó 2017 i leith; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur réamhchoinníoll é cuíchóiriú a dhéanamh ar rialacha Fís 2020 maidir le costais phearsanra a dhearbhú agus úsáid níos leithne a bhaint as roghanna costais simplithe chun rátaí earráide a chobhsú faoi bhun an leibhéil ábharthachta; á chur i bhfios go láidir gur cheart don Chomhghnóthas a chórais rialaithe inmheánaigh a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an riosca méadaithe i dtaca le FBManna agus tairbhithe nua agus a mholadh go láidir do chatagóirí áirithe tairbhithe a bhfuil baol níos ag baint leo, amhail FBManna agus tairbhithe nua, úsáid a bhaint as Draoi na gCostas Pearsanra; á chur in iúl gur geal léi gur thosaigh na Comhghnóthais uile, in 2022, ar ghníomhaíochtaí le haghaidh laghduithe ar an ráta earráide a chur chun feidhme i gcomhréir leis an ngníomhaíocht a mhol an Chúirt, lena n-áirítear féachaint ar na roghanna maidir le foirmeacha simplithe costas amhail costais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe;

36. ag tabhairt dá haire, óna Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí, gur chomhlíon an Comhghnóthas a chuspóirí go léir a bhaineann le bainistíocht éifeachtach airgeadais, riaracháin agus corparáideach sa réimse seo, mar atá leagtha amach sa doiciméad clársceidealaithe aonair 2021–2023 (DSA); ag tabhairt dá haire go n-áirítear leis sin faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht ghníomhaíochtaí iniúchta tionscadail an Chomhghnóthais, faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht ghníomhaíochtaí corparáideacha agus bainistíochta an Chomhghnóthais, faireachán a dhéanamh ar chlár na neisceachtaí agus na gcásanna neamhchomhlíontachta (sprioc laistigh de 1 %);

37. ag tabhairt dá haire gur thaifead an Comhghnóthas teagmhas neamhchomhlíonta amháin a d'eascair as neamhghníomhú Chiste Ráthaíochta an chláir Fís 2020 nó Ordú Aisghabhála a eisiúint mar gheall ar fhéimheacht tairbhí (tionscadal H2020 763702 (PercEvite)) agus eisceacht amháin a bhí nasctha le fadú ré an chonartha lena rialaítear faireachán agus cothabháil chóras aláraim áitreabh an Chomhghnóthais (CTR SJU/LC/327-CTR);

**Coinbhleachtaí leasa, calaois a chosc agus a bhrath**

38. á thabairt chun suntais ón Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí gur cuireadh tuarascáil ar chur chun feidhme frithchalaoise le haghaidh 2021 faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin sa chéad ráithe de 2022, agus go dtugtar léi forbhreathnú ar na gníomhaíochtaí frith-chalaoise a rinne an Comhghnóthas in 2021, agus go gcuirtear síos inti go háirithe ar sheisiúin oiliúna shonracha a cuireadh ar bun i réimse na heitice agus na frithchalaoise sa cheathrú ráithe de 2021, lena gcumhdaítear sainmhínithe calaoise, foláirimh, tuairisciú ar neamhrialtachtaí tromchúiseacha, coinbhleachtaí leasa, gníomhaíochtaí seachtracha, bronntanais agus fabhair, an bunachar sonraí a ghabhann leis an gCóras Luathbhratha agus Eisiaimh, maoiniú dúbailte, agus bradaíl;

39. ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, maidir le coinbhleachtaí leasa, gur ghlac Bord Rialaithe Chomhpháirteach SESAR 3 rialacha nua i mí na Nollag 2021 maidir le rúndacht, cosc, seachaint agus bainistiú coinbhleachtaí leasa an Comhghnóthais, in ionad na sraithe roimhe sin de rialacha a bhí infheidhme ó 2008 i leith agus ina theannta sin, i mí na Nollag 2021, gur glacadh freisin le cód iompair don Bhord Rialaithe;

**Iniúchóireacht inmheánach**

40. ag tabhairt dá haire go ndearna an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) iniúchadh le linn 2021 ar bhainistíocht AD agus ar eitic sa Chomhghnóthas; ag tabhairt dá haire gur tharla an obair allamuigh go cianda agus gur eisíodh an tuarascáil deiridh an 9 Samhain 2021;

41. ag tabhairt dá haire gur tháinig na hiniúchóirí ar an gconclúid go bhfuil córais bhainistíochta agus rialaithe an Chomhghnóthais a cuireadh i bhfeidhm do bhainistiú acmhainní daonna agus do chur chun cinn na timpeallachta eitice deartha go leordhóthanach, éifeachtúil agus curtha i bhfeidhm go héifeachtach agus go dtacaíonn siad leis an gComhghnóthas a chuspóirí gnó a bhaint amach;

42. ag tabhairt dá aire, áfach, cé nár aithníodh aon saincheisteanna criticiúla nó fíorthábhachtacha ón iniúchadh, go measann IAS go bhfuil roinnt laigí ann agus gur féidir tuilleadh feabhais a chur ar réimsí áirithe, amhail bainistíocht ualaigh oibre, an próiseas earcaíochta agus dearbhuithe bliantúla leasa, socrú cuspóirí do dhaoine aonair, agus cumarsáid ar chúrsaí AD;

43. á chur in iúl gur geal léi gur bhunaigh an Comhghnóthas SESAR plean gníomhaíochta mionsonraithe chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí na Cúirte agus ar na rioscaí bunúsacha; á chur in iúl gur geal léi freisin gur dheimhnigh IAS oiriúnacht an phlean gníomhaíochta mhionsonraithe sin agus go bhfuil an Comhghnóthas ag súil leis na gníomhaíochtaí uile a chur chun feidhme faoi dheireadh 2022.